

# An Creat Inniúlachtaí



Tá institiúidí an Aontais Eorpaigh ag lorg iarrthóirí éirimiúla díograiseacha atá in ann **8 n-inniúlacht ghinearálta a léiriú**

# **8** n-inniúlacht atá le léiriú le linn thrialacha an Aontais

- 1.** Smaointeoireacht chriticiúil,  
anailísiú agus réiteach  
fadhbanna cruthaitheach
- 2.** Cinnteoireacht agus  
torthaí a fháil
- 3.** Bainistiú faisnéise  
(litearthacht dhigiteach agus  
litearthacht sonraí)
- 4.** Féinbhainistiú
- 5.** Oibriú le daoine eile
- 6.** An fhoghlaim mar scil
- 7.** Cumarsáid
- 8.** Infhiontraíocht



# 1. Smaointeoireacht chriticiúil, anailísiú agus réiteach fadhbanna cruthaitheach problemlösning


Faisnéis chasta a bhainistiú agus peirspictíocht á léiriú lena mbaineann smaointeoireacht iomlánaíoch i dtaca le córais. Feasacht a léiriú ar iarmhairtí saincheistanna lasmuigh dá réimse freagrachta féin agus an mórfhictiúr agus dearchtaí eile a chur san áireamh. An méid is tábhachtaí a thuiscint agus smaointe a struchtúrú go soiléir. Réitigh chruthaitheacha nuálacha a fhorbairt agus riachtanais agus seasaimh na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh.



## 2. Cinnteoireacht agus torthaí a fháil



Cinntí a dhéanamh i dtimpeallacht dhinimiciúil ina bhfuil faisnéis atá ag teacht salach ar a chéile nó atá neamhiomlán. Rogha a dhéanamh idir réitigh neamhfhoirfe, teacht ar an gcothromaíocht cheart idir an cháilíocht agus an luas ag brath ar an gcás. Gníomhaíocht agus réitigh phraiticiúla a dhéanamh de dhúshlán agus torthaí nithiúla a bhaint amach.



### 3. Bainistiú faisnéise (litearthacht dhigiteach agus litearthacht sonraí)

Ábhar a aimsiú, a scagadh, a mheas, a úsáid, a chruthú agus a chur in iúl trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus as an idirlíon. Sonraí a léamh, a thuiscint agus a úsáid ar bhealaí éagsúla agus scileanna uimhearthachta a léiriú. Faisnéis, scileanna agus inniúlachtaí a chur i bhfeidhm trí huirlisí digiteacha agus oiriúnú go tapa do chásanna nua TF agus gairmiúla.



## 4. Féinbhainistiú

A gcuid oibre féin a bhainistiú go héifeachtach, spriocanna a shocrú, am a bhainistiú go héifeachtach agus féinspreagthacht agus tuiscint ar fhreagracht a léiriú. An bhuansheasmhacht a léiriú i bhfianaise an struis agus na gcéimeanna ar gcúl. Freagairt a thabhairt ar an athrú agus an t-athrú a chur chun feidhme agus dearcadh dearfach á úsáid agus fanacht éifeachtach faoi ualach oibre atá ag athrú/ag malartú. An tsolúbthacht agus an oiriúnacht a léiriú.



## 5. Oibriú le daoine eile

Comhoibriú idir struchtúir éagsúla agus freagracht a ghlacadh as torthaí na heagraíochta ina hiomláine. Faisnéis a roinnt (seachas í a choinneáil), an bhéim ar sheirbhís a léiriú. Déileáil go cuiditheach leis an gcoimhlint. Éascaíocht a léiriú i dtaca le bheith ag obair i dtimpeallacht ilchultúrtha, ilteangach, tacú leis an éagsúlacht agus iompar urramach agus cuimsitheach a léiriú i leith daoine.



## 6. An fhoghlaim mar scil

Straitéisí foghlama a fhorbairt, a riachtanais foghlama féin a aithint agus iarracht a dhéanamh feabhas leanúnach a bhaint amach. Úinéireacht a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin. Ullmhacht a léiriú chun straitéis a athrú i gcás faisnéis nua, foghlaim ón teip agus na ceachtanna a fhoghlaimítear a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach. Aiseolas a thabhairt, a ghlacadh agus freagra a thabhairt air.





## 7. Cumarsáid

Cumarsáid shoiléir a dhéanamh ó bhéal agus i scríbhinn, an teachtaireacht agus an meán a chur in oiriúint don lucht féachana. Scileanna dréachtaithe a léiriú, an cumas argóintí láidre a fhorbairt agus a struchtúrú ar bhealach éifeachtach agus scileanna áitithe, idirbheartaíochta, éascaithe agus éisteachta a léiriú.



## 8. Infhiontraíocht

Tionscnaíocht, cruthaitheacht, díograis, nuálaíocht, cumas smaoineamh chun cinn agus tréithe ceannaireachta a léiriú. Ionadaíocht a dhéanamh ar an tseirbhís ar bhealach dearfach sa saol mór, daoine eile a mhúineadh agus a chóitseáil, sampla a thabhairt agus daoine eile a spreagadh lena ngníomhaíochtaí féin.

